Uimhir 12 *de* 2012

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN, 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

CUID 2

Leasuithe ar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh

2. Mínithe.

3. Ranníocóirí saorálacha — leasú.

4. Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — leasuithe.

5. Teideal chun íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fháil — leasuithe.

6. Sceideal 5 — leasuithe.

7. Dícháiliú ó íocaíochtaí áirithe le linn páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Phobail.

8. Tuilleamh ináirithe — leasú.

9. Níl fostóir faoi dhliteanas ranníocaí fostaíochta a asbhaint in imthosca áirithe.

10. Luach saothair scairbhunaithe — leasuithe ar dhliteanas ÁSPC.

11. Aisíoc ranníocaí — luach saothair scairbhunaithe.

12. Teideal ar fhorlíonadh i leith úis morgáiste.

13. Faisnéis a chomhroinnt — leasú.

14. Éilimh ar fhorlíonadh cíosa faoi alt 198 a imscrúdú agus a chinneadh.

15. Faisnéis a sholáthar chun céannacht a shuíomh.

16. Teideal chun sochair cuardaitheora poist — leasú.

17. Cigirí leasa shóisialaigh — leasú.

18. Ciste Árachais Shóisialaigh.

19. Buiséadú i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh — leasuithe.

CUID 3

LEASUITHE AR ACHT NA BPINSEAN, 1990

20. Míniú.

21. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

22. Treoir ó Chumann na nAchtúirí in Éirinn, ón mBord nó ó aon duine eile.

23. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht.

24. Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht.

25. Leasú ar alt 40 den Phríomh-Acht.

26. Leasú ar alt 41 den Phríomh-Acht.

27. Leasú ar alt 42 den Phríomh-Acht.

28. Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht.

29. Forálacha a bhaineann le caighdeán maoiniúcháin agus le cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin.

30. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht.

31. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht.

32. Teorainneacha le ríomh acmhainní scéimeanna iomchuí.

33. Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht.

34. Leasú ar alt 49 den Phríomh-Acht.

35. Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht.

36. Leasú ar alt 51A den Phríomh-Acht.

37. Leasú ar alt 53E den Phríomh-Acht.

38. Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht.

39. Toiliú na n-iontaobhaithe maidir le luathscor.

40. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Bhainc Ceannais, 1989	1989, Uimh. 16
An tAcht Custam, 1956	1956, Uimh. 7
An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999	1999, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais, 1970	1970, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais, 1972	1972, Uimh. 19
An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002	2002, Uimh. 10
An tAcht Inimirce, 2004	2004, Uimh. 1
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968	1968, Uimh. 24
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1992	1992, Uimh. 19
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
Achtanna na bPinsean, 1990 go 2011	
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2011	2011, Uimh. 37
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007	2007, Uimh. 8
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009	2009, Uimh. 10
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010	2010, Uimh. 37
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011	2011, Uimh. 9
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2009	2009, Uimh. 43
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008	2008, Uimh. 22
An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011	2011, Uimh. 4
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29

Uimhir 12 *de* 2012

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN, 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH AGUS ACHTANNA NA bPINSEAN, 1990 GO 2011, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[1 *Bealtaine* 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Léifear na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus *Codanna 1* agus *2* le chéile mar aon ní amháin.

(3) Léifear Achtanna na bPinsean, 1990 go 2011 agus *Cuid 3* le chéile mar aon ní amháin agus féadfar Achtanna na bPinsean, 1990 go 2012 a ghairm díobh le chéile.

(4) Tiocfaidh *ailt 9*, *12*, *14*, *15*, *16*, *17* agus *19* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

CUID 2

Leasuithe ar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh

Mínithe.

2.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn "Acht 2011" an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011.

Ranníocóirí saorálacha — leasú.

3.—(1) Leasaítear alt 24 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "520 seachtain ranníoca" a chur in ionad "260 seachtain ranníoca", agus

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás duine a thiocfaidh chun bheith ina ranníocóir saorálach agus a íocfaidh ranníocaí faoin gCaibidil seo roimh an 6 Aibreán 2013, léifear fo-alt (1) amhail is dá ndéanfaí '260 seachtain ranníoca' a chur in ionad '520 seachtain ranníoca'.

(1B) I gcás duine a thiocfaidh chun bheith ina ranníocóir saorálach agus a íocfaidh ranníocaí faoin gCaibidil seo an 6 Aibreán 2013 nó dá éis ach roimh an 6 Aibreán 2014, léifear fo-alt (1) amhail is dá ndéanfaí '364 seachtain ranníoca' a chur in ionad '520 seachtain ranníoca'.

(1C) I gcás duine a thiocfaidh chun bheith ina ranníocóir saorálach agus a íocfaidh ranníocaí faoin gCaibidil seo an 6 Aibreán 2014 nó dá éis ach roimh an 6 Aibreán 2015, léifear fo-alt (1) amhail is dá ndéanfaí '468 seachtain ranníoca' a chur in ionad '520 seachtain ranníoca'.".

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6 Aibreán 2013.

Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — leasuithe.

4.—(1) Leasaítear alt 172(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'aois iomchuí'—

(*a*) 16 bliana i gcás go bhfuil íocaíocht faoi Chaibidil 8A de Chuid 3 á déanamh i leith linbh, agus

(*b*) in aon chás eile—

(i) 12 bliana i leith aon éilimh ar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a bhaineann le haon lá le linn na tréimhse dar tosach an 3 Bealtaine 2012 agus dar críoch an 2 Eanáir 2013,

(ii) 10 mbliana i leith aon éilimh ar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a bhaineann le haon lá le linn na tréimhse dar tosach an 3 Eanáir 2013 agus dar críoch an 1 Eanáir 2014, agus

(iii) 7 mbliana i leith aon éilimh ar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a bhaineann le haon lá a bheidh ann an 2 Eanáir 2014 nó dá éis;",

agus

(*b*) sa mhíniú ar "leanbh iomchuí" (a cuireadh isteach le halt 9 d'Acht 2011), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) nach bhfuil an aois iomchuí slánaithe aige nó aici;".

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 3 Bealtaine 2012.

Teideal chun íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fháil — leasuithe.

5.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 173A (a leasaíodh le halt 9 d'Acht 2011):

"Teideal chun íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fháil i gcás go mbeidh an aois iomchuí slánaithe ag an leanbh is óige.

173A.—(1) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le céile marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, cónaí ar an mbeirt chéilí i lánúin phósta le chéile agus go bhfaighidh duine acu bás,

(*b*) maidir le comhchónaitheoir marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, an bheirt chomhchónaitheoirí ag comhchónaí agus go bhfaighidh duine acu bás, agus

(*c*) maidir le páirtnéir sibhialta marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, cónaí ar an mbeirt pháirtnéirí sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta le chéile agus go bhfaighidh duine acu bás,

agus más rud é, maidir leis an gcéile marthanach, leis an gcomhchónaitheoir marthanach nó leis an bpáirtnéir sibhialta marthanach, gurb é nó gurb í tuismitheoir, leastuismitheoir, tuismitheoir uchtaíoch nó caomhnóir dlíthiúil linbh amháin ar a laghad a bhfuil cónaí rialta air nó uirthi leis an gcéile marthanach, leis an gcomhchónaitheoir marthanach nó leis an bpáirtnéir sibhialta marthanach sin agus go mbeidh an aois iomchuí slánaithe, an dáta iomchuí, ag an leanbh is óige.

(2) D'ainneoin—

(*a*) go bhfuil an aois iomchuí slánaithe ag an leanbh is óige, agus

(*b*) alt 178C,

beidh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora iníoctha le céile marthanach, comhchónaitheoir marthanach nó páirtnéir sibhialta marthanach lena mbaineann an t-alt seo ar feadh na tréimhse is giorra díobh seo a leanas—

(i) an tréimhse dar tosach an dáta iomchuí agus dar críoch an lá atá 2 bhliain tar éis an dáta sin, nó

(ii) an tréimhse dar tosach an dáta iomchuí agus dar críoch an dáta a bheidh 18

mbliana d'aois slánaithe ag an leanbh is óige.".

(2) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 173B (a leasaíodh le halt 9 d'Acht 2011):

"Teideal chun íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fháil in imthosca áirithe.

173B.—(1) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le céile marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, cónaí ar an mbeirt chéilí i lánúin phósta le chéile agus go bhfaighidh duine acu bás,

(*b*) maidir le comhchónaitheoir marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, an bheirt chomhchónaitheoirí ag comhchónaí agus go bhfaighidh duine acu bás, agus

(*c*) maidir le páirtnéir sibhialta marthanach i gcás go bhfuil, an dáta iomchuí, cónaí ar an mbeirt pháirtnéirí sibhialta le chéile agus go bhfaighidh duine acu bás,

agus más rud é, maidir leis an gcéile marthanach, leis an gcomhchónaitheoir marthanach nó leis an bpáirtnéir sibhialta marthanach, gurb é nó gurb í tuismitheoir, leastuismitheoir, tuismitheoir uchtaíoch nó caomhnóir dlíthiúil linbh iomchuí amháin ar a laghad a bhfuil cónaí rialta air nó uirthi leis an gcéile marthanach, leis an gcomhchónaitheoir marthanach nó leis an bpáirtnéir sibhialta marthanach sin agus go bhfuil an leanbh iomchuí is óige, an dáta iomchuí, laistigh de 2 bhliain den aois iomchuí a shlánú.

(2) D'ainneoin alt 178C, i gcás go mbeidh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora iníoctha le tuismitheoir cáilithe is céile marthanach, comhchónaitheoir marthanach nó páirtnéir sibhialta marthanach lena mbaineann an t-alt seo, leanfaidh an íocaíocht sin de bheith iníoctha go ceann tréimhse 2 bhliain dar tosach an dáta iomchuí agus más rud é, le linn na tréimhse sin, go slánóidh an leanbh iomchuí an aois iomchuí, leanfar den íocaíocht sin a íoc i leith na tréimhse sin.".

(3) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 176 (a leasaíodh le halt 9 d'Acht 2011):

"Leanúint d'íocaíocht — leasú.

176.—I gcás go mbeidh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora á híoc le duine faoin gCaibidil seo de bhua céile nó páirtnéir sibhialta an duine sin a bheith cimithe i gcoimeád chun príosúin nó áite coinneála ar feadh tréimhse nach lú ná 6 mhí, leanfar d'íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a íoc go ceann 4 seachtaine tar éis scaoileadh an chéile nó an pháirtnéara shibhialta sin ón bpríosún nó ón áit choinneála.".

(4) Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt nua seo a leanas a chur isteach:

"Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — forálacha idirthréimhseacha i gcás go slánóidh an leanbh 14 bliana d'aois.

178B.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine—

(*a*) díreach roimh an 27 Aibreán 2011 a bhí ag fáil íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, agus

(*b*) a leanfadh den íocaíocht sin a fháil—

(i) díreach tar éis an 26 Aibreán 2011 murach gur shlánaigh an leanbh ab óige 14 bliana d'aois roimh an 27 Aibreán 2011, nó

(ii) an 27 Aibreán 2011 nó dá éis mura mbeadh gur shlánaigh an leanbh ab óige 14 bliana d'aois an 27 Aibreán 2011 nó dá éis.

(2) Leanfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo, faoi réir fho-alt (3), de bheith i dteideal na híocaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (1) mar a leanas:

(*a*) le linn na tréimhse dar tosach an 27 Aibreán 2011 agus dar críoch an 2 Eanáir 2013, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 18 mbliana d'aois;

(*b*) le linn na tréimhse dar tosach an 3 Eanáir 2013 agus dar críoch an 1 Eanáir 2014, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 17 mbliana d'aois;

(*c*) le linn na tréimhse dar tosach an 2 Eanáir 2014 agus dar críoch an 31 Nollaig 2014, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 16 bliana d'aois.

(3) Chun críocha an ailt seo, leanfar d'íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, faoi réir fho-alt (4), a íoc le duine lena mbaineann an t-alt seo i gcás—

(*a*) go mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag an leanbh is óige agus nach mbeidh 22 bhliain slánaithe aige nó aici, agus

(*b*) go mbeidh oideachas lánaimseartha a bheidh forordaithe á fháil ag an leanbh is óige.

(4) Chun críocha fho-alt (3), íocfar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora le duine lena mbaineann an t-alt seo go dtí deireadh na bliana acadúla a thosaíonn i 2012 agus a bhaineann le cibé cúrsa oideachais lánaimseartha, a bheidh forordaithe, a bheidh á fháil ag an leanbh is óige sin.

(5) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis an 31 Nollaig 2014.

Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — forálacha idirthréimhseacha i gcás go slánóidh an leanbh aois iomchuí.

178C.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine—

(*a*) a thiocfaidh chun bheith i dteideal íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora i rith na tréimhse dar tosach an 27 Aibreán 2011 agus dar críoch an 2 Bealtaine 2012,

(*b*) díreach roimh an 3 Bealtaine 2012 a bheidh ag fáil na híocaíochta sin, agus

(*c*) a leanfadh de bheith i dteideal an íocaíocht sin a fháil—

(i) díreach tar éis an 2 Bealtaine 2012 go dtí an dáta a shlánóidh an leanbh ab óige 14 bliana d'aois, murach gur shlánaigh an leanbh ab óige 12 bhliain d'aois roimh an 3 Bealtaine 2012, nó

(ii) an 3 Bealtaine 2012 nó dá éis go dtí an dáta a shlánóidh an leanbh ab óige 14 bliana d'aois, murach gur shlánaigh an leanbh ab óige 12 bhliain d'aois an 3 Bealtaine 2012 nó dá éis.

(2) Leanfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo de bheith i dteideal na híocaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (1) mar a leanas:

(*a*) le linn na tréimhse dar tosach an 3 Bealtaine 2012 agus dar críoch an 2 Eanáir 2013, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 14 bliana d'aois;

(*b*) le linn na tréimhse dar tosach an 3 Eanáir 2013 agus dar críoch an 1 Eanáir 2014, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 12 bhliain d'aois;

(*c*) le linn na tréimhse dar tosach an 2 Eanáir 2014 agus dar críoch an 31 Nollaig 2014, go dtí go slánóidh an leanbh is óige 10 mbliana d'aois.

(3) Chun críocha an ailt seo, ní dhéanfaidh aon ní i bhfo-alt (2) difear do theideal duine lena mbaineann an t-alt seo leanúint de bheith i dteideal íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora go dtí go slánóidh an leanbh is óige 16 bliana d'aois, i gcás gur leanbh ar ina leith atá íocaíocht faoi Chaibidil 8A de Chuid 3 á íoc an leanbh sin.

(4) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis an 31 Nollaig 2014.

Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — leanúint tar éis dícháilithe áirithe.

178D.—(1) I gcás go raibh duine—

(*a*) ag fáil íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora ar feadh tréimhse 52 sheachtain chomhleanúnacha agus go bhfuil sé nó sí dícháilithe chun an íocaíocht sin a fháil de bhua—

(i) tuilleamh seachtainiúil comhlán de bhreis ar an méid a shonraítear in alt 173(3) a bheith aige nó aici, nó

(ii) páirt a bheith aige nó aici i scéim a riarann an tAire agus ar a dtugtar Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas,

agus

(*b*) murach an dícháiliú sin go mbeadh an duine i dteideal an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora sin a fháil,

tiocfaidh an duine chun teideal a bheith aige nó aici arís chun na híocaíochta sin ar éag don dícháiliú faoi réir, agus de réir, na n-alt seo a leanas—

(i) alt 178B, i gcás duine a tháinig chun bheith i dteideal íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora i gcéaduair roimh an 27 Aibreán 2011, nó

(ii) alt 178C, i gcás duine a tháinig chun bheith i dteideal íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora ar dtús i rith na tréimhse dar tosach an 27 Aibreán 2011 agus dar críoch an 2 Bealtaine 2012.

(2) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis an 31 Nollaig 2014.

Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora — forálacha ilghnéitheacha a bhaineann le héilimh a dhéantar ar dhátaí áirithe.

178E.—(1) Más rud é—

(*a*) go ndearna duine éileamh ar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora roimh an 27 Aibreán 2011 agus nár cinneadh an t-éileamh go hiomlán faoin dáta sin, agus

(*b*) go mbeadh an duine sin i dteideal na híocaíochta sin murach gur shlánaigh an leanbh ab óige 14 bliana d'aois roimh an 27 Aibreán 2011,

cinnfear teideal an duine sin chun na híocaíochta sin de réir alt 178B.

(2) Más rud é—

(*a*) go ndearna duine éileamh ar íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora roimh an 3 Bealtaine 2012 agus nár cinneadh an t-éileamh go hiomlán faoin dáta sin, agus

(*b*) go mbeadh an duine sin i dteideal na híocaíochta sin murach gur shlánaigh an leanbh ab óige 12 bhliain d'aois roimh an 3 Bealtaine 2012,

cinnfear teideal an duine sin chun na híocaíochta sin de réir alt 178C.".

(5) Leasaítear alt 178A den Phríomh-Acht trí fho-ailt (6), (6A), (7), (8), (9) agus (10) a scriosadh.

(6) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 3 Bealtaine 2012.

Sceideal 5 — leasuithe.

6.—Leasaítear Sceideal 5 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i mír 1—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

"(2A) coiste gairmoideachais (de réir bhrí alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930);",

agus

(ii) i bhfomhír (4) (a leasaíodh le halt 20 d'Acht 2011) trí "an tOmbudsman Pinsean," a chur isteach i ndiaidh "an Bord Pinsean,",

agus

(*b*) i mír 2, trí "coiste gairmoideachais (de réir bhrí alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930)," a scriosadh.

Dícháiliú ó íocaíochtaí áirithe le linn páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Phobail.

7.—Leasaítear alt 247B(1) (a cuireadh isteach le halt 12 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2011) den Phríomh-Acht i mír (*c*) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

"(i) íocaíocht sheachtainiúil nó mhíosúil is iníoctha de réir alt 198,".

Tuilleamh ináirithe — leasú.

8.—Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "tuilleamh ináirithe" (a leasaíodh le halt 13 d'Acht 2011):

"ciallaíonn 'tuilleamh ináirithe', faoi réir alt 13(2)(*da*)—

(*a*) i gcás ranníocóra fhostaithe, nach ranníocóir speisialta, díolaíochtaí atá le baint as fostaíocht inárachaithe nó fostaíocht (díobhálacha ceirde) inárachaithe (seachas cibé díolaíochtaí a fhorordófar) lena mbaineann Caibidil 4 de

Chuid 42 d'Acht 1997, ach gan aird a thabhairt ar Chaibidil 1 de Chuid 44 den Acht sin, agus

(*b*) i gcás ranníocóra speisialta—

(i) tuarastal, pá nó luach saothair eile lena n-áirítear luach saothair neamhairgid a bhaintear as fostaíocht inárachaithe nó fostaíocht (díobhálacha ceirde) inárachaithe lena mbaineann Acht 1997 (seachas Caibidil 4 de Chuid 42) nó lena mbainfeadh sé dá gcónódh an ranníocóir fostaithe atá ag fáil an luach saothair sa Stát, ach gan aird a thabhairt ar Chaibidil 1 de Chuid 44 den Acht sin, agus

(ii) íocaíochtaí le daoine a bhíonn ag freastal ar chúrsaí nó scéimeanna nó ag gabháil do chúrsaí nó scéimeanna a sholáthraíonn nó a cheadaíonn—

(I) An Foras Áiseanna Saothair,

(II) Teagasc, nó

(III) An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta,

agus folóidh tuilleamh ináirithe na nithe seo a leanas—

(A) luach saothair scairbhunaithe a réadaítear, a fhaightear nó a leithreasaítear, de réir mar a bheidh, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis, agus

(B) an 'méid sonraithe' de réir bhrí alt 825C d'Acht 1997;",

agus

(*b*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "díolaíochtaí ináirithe" (a leasaíodh le halt 13 d'Acht 2011):

"ciallaíonn 'díolaíochtaí ináirithe', i ndáil le ranníocóir féinfhostaithe, díolaíochtaí (seachas tuilleamh ináirithe agus aon díolaíochtaí eile a fhorordófar) lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 d'Acht 1997 agus folóidh díolaíochtaí ináirithe—

(*a*) luach saothair scairbhunaithe a réadaítear, a fhaightear nó a leithreasaítear, de réir mar a bheidh, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis, agus

(*b*) an 'méid sonraithe' de réir bhrí alt 825C d'Acht 1997;".

Níl fostóir faoi dhliteanas ranníocaí fostaíochta a asbhaint in imthosca áirithe.

9.—Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4A) (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2011):

"(4A) I gcás go réadóidh duine gnóchan—

(*a*) trí fheidhmiú cirt de réir alt 128 d'Acht 1997, nó

(*b*) trí fheidhmiú cirt de réir alt 519A d'Acht 1997 agus, tráth an gnóchan sin a réadú, go mbeidh an duine sin tar éis scor de bheith ina fhostaí nó ina fostaí den fhostóir a dheonaigh an ceart sin,

ní bheidh feidhm ag fo-alt (4)—

(i) maidir leis an bhfostóir a dheonaigh an ceart sin, ná

(ii) má fhostaíonn fostóir eile an duine sin an tráth a réadófar an gnóchan, an fostóir eile sin.".

Luach saothair scairbhunaithe — leasuithe ar dhliteanas ÁSPC.

10.—Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar "luach saothair scairbhunaithe" (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2011)—

(*a*) i mír (*d*), trí "alt 510(2) den Acht sin," a chur in ionad "alt 510(2) den Acht sin, agus",

(*b*) i mír (*e*), trí "alt 519A den Acht sin, agus" a chur in ionad "alt 519A den Acht sin,", agus

(*c*) tríd an mír seo a leanas a chur i ndiaidh mhír (*e*):

"(*f*) i gcás díolaíochtaí (de réir bhrí alt 983 d'Acht 1997) arna bhfáil ag fostaí nó stiúrthóir i bhfoirm scaireanna (lena n-áirítear stoc)—

(i) sa chuideachta ina sealbhaíonn an fostaí nó an stiúrthóir a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht, nó

(ii) i gcuideachta a bhfuil an chuideachta sin faoina rialú (de réir bhrí alt 432 d'Acht 1997),

an méid dá dtagraítear in alt 985A(3) d'Acht 1997,".

Aisíoc ranníocaí — luach saothair scairbhunaithe.

11.—(1) Leasaítear alt 34A(1)(*a*) (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2011) den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfomhír (i)—

(i) trí "de bhun mhír (*a*)(ii) nó (*b*)(ii) den mhíniú ar 'tuilleamh ináirithe' a shonraítear in" a chur in ionad "de bhua chlásail (I) go (VI) de mhíreanna (*a*) agus (*b*) den mhíniú ar 'tuilleamh ináirithe' atá in",

(ii) trí "(a leasaíodh leis na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 684 de 2010))" a chur isteach i ndiaidh "Airteagal 3", agus

(iii) trí "(a cuireadh isteach le hAirteagal 4 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 684 de 2010))" a scriosadh,

agus

(*b*) i bhfomhír (ii), trí "go bhfuil feidhm ag fo-alt (6) den alt sin," a chur in ionad "go bhfuil feidhm ag fo-alt (6) den alt sin, agus".

(2) Leasaítear alt 34A(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) a íocadh de réir alt 13(2)(*d*)—

(i) de bhun mhír (*a*)(ii) nó (*b*)(ii) den mhíniú ar 'tuilleamh ináirithe' a shonraítear in Airteagal 3 (a leasaíodh leis na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 684 de 2010)) de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht), 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996), nó

(ii) i leith an mhéid dá dtagraítear in alt 985A(3) d'Acht 1997 i gcás díolaíochtaí (de réir bhrí alt 983 d'Acht 1997) arna bhfáil ag fostaí nó stiúrthóir i bhfoirm scaireanna (lena n-áirítear stoc)—

(I) sa chuideachta ina sealbhaíonn an fostaí nó an stiúrthóir a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht, nó

(II) i gcuideachta a bhfuil an chuideachta sin faoina rialú (de réir bhrí alt 432 d'Acht 1997),

agus".

(3) Leasaítear alt 34A(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*):

"(*c*) a íocadh de réir alt 21 i leith luach saothair scairbhunaithe a fuarthas mar scaireanna infhorghéillte dá dtagraítear in alt 128E d'Acht 1997, i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (6) den alt sin.".

(4) Leasaítear alt 34A(2) den Phríomh-Acht—

(*a*) trí "do ranníocóir fostaithe, d'fhostóir ranníocóra fhostaithe agus do ranníocóir féinfhostaithe," a chur in ionad "do ranníocóir fostaithe agus d'fhostóir ranníocóra fhostaithe," agus

(*b*) i mír (*b*), trí "ar bhás ranníocóra fhostaithe agus ranníocóra fhéinfhostaithe" a chur in ionad "ar bhás ranníocóra fhostaithe".

Teideal ar fhorlíonadh i leith úis morgáiste.

12.—Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5A) (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008):

"(5AA) Ní bheidh duine i dteideal an forlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a fháil, mura rud é, an tráth a dhéanfar iarratas ar an bhforlíonadh sin, gur deimhin le duine ainmnithe go ndeachaigh an duine atá ag déanamh an iarratais i dteagmháil lena iasachtóir morgáiste nó lena hiasachtóir morgáiste d'fhonn a oibleagáidí aisíoca morgáiste nó a hoibleagáidí aisíoca morgáiste a chomhlíonadh, agus

(*a*) de dhroim na teagmhála sin, go ndearna sé nó sí agus, má cheanglaítear sin, go bhfuil sé nó sí ag comhlíonadh comhshocraíocht aisíoca mhalartach arna comhaontú idir an duine sin agus a iasachtóir morgáiste nó a hiasachtóir morgáiste i leith a oibleagáidí aisíoca morgáiste nó a hoibleagáidí aisíoca morgáiste ar feadh tréimhse nach giorra ná 12 mhí, nó

(*b*) gurb amhlaidh—

(i) de dhroim na teagmhála sin, go ndearna sé nó sí agus, má cheanglaítear sin, go bhfuil sé nó sí ag comhlíonadh comhshocraíocht aisíoca mhalartach arna comhaontú idir an duine sin agus a iasachtóir morgáiste nó a hiasachtóir morgáiste i leith a oibleagáidí aisíoca morgáiste nó a hoibleagáidí aisíoca morgáiste ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí i leith na comhshocraíochta aisíoca malartaí sin, agus

(ii) sula ndearna sé nó sí an chomhshocraíocht aisíoca mhalartach dá dtagraítear i bhfomhír (i) go ndearna agus gur chomhlíon an duine comhshocraíocht aisíoca mhalartach éagsúil arna comhaontú idir an duine sin agus a iasachtóir morgáiste nó a hiasachtóir morgáiste i leith a oibleagáidí aisíoca morgáiste nó a hoibleagáidí aisíoca morgáiste,

agus gur tréimhse nach giorra ná 12 mhí an líon iomlán míonna ar ina leith a chomhlíon an duine sin na comhshocraíochtaí aisíoca malartacha dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) agus (ii).

(5AB) Beidh feidhm ag fo-alt (5AA) maidir le duine a dhéanfaidh iarratas ar an bhforlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) ar an lá nó tar éis an lae a thiocfaidh *alt 12* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012* i ngníomh.

(5AC) I bhfo-alt (5AA)—

ciallaíonn 'comhshocraíocht aisíoca mhalartach' aon chomhshocraíocht arna déanamh ag iarratasóir ar an bhforlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) lena iasachtóir morgáiste nó lena hiasachtóir morgáiste—

(*a*) i leith a mhorgáiste nó a morgáiste a chorpraíonn athrú ar aon téarmaí nó coinníollacha den

mhorgáiste a raibh feidhm acu nuair a tháinig an morgáiste in éifeacht, agus

(*b*) d'fhonn cuidiú leis an duine sin chun aon deacrachtaí a réiteach a bheadh aige nó aici maidir lena oibleagáidí aisíoca morgáiste nó a hoibleagáidí aisíoca morgáiste a chomhlíonadh,

agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé aon chleachtas, dá dtagraítear i gcód cleachtais arna tharraingt suas faoi alt 117 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989, a shonrófar d'fhonn aon deacrachtaí a réiteach maidir le hoibleagáidí aisíoca morgáiste a chomhlíonadh.".

Faisnéis a chomhroinnt — leasú.

13.—Leasaítear alt 265(1) den Phríomh-Acht i mír (*a*) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (v):

"(v) deontas—

(I) (A) a deonaíodh de réir alt 2 (a leasaíodh le halt 3 den Acht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1992) den Acht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968, agus

(B) ar leanadh de faoi fho-ailt (2) agus (3) d'alt 6 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011,

(II) (A) a deonaíodh de bhun scéime arna riaradh ag coiste gairmoideachais (de réir bhrí alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930) trínar cuireadh deontais ar fáil do mhic léinn chun cabhrú leo freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais,

(B) ar leanadh de faoi fho-ailt (2) agus (3) d'alt 6 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011,

nó

(III) a deonaíodh faoi scéim deontas arna déanamh de bhun alt 16 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011,

nó".

Éilimh ar fhorlíonadh cíosa faoi alt 198 a imscrúdú agus a chinneadh.

14.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 198B (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010):

"Éilimh ar fhorlíonadh cíosa faoi alt 198 a chinneadh.

198C.—(1) Féadfaidh duine ainmnithe, chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh teideal ar íocaíocht forlíonaidh dá dtagraítear in alt 198(3) faoi chomhair an mhéid cíosa is iníoctha ag duine i leith a áite cónaithe nó a háite cónaithe, a iarraidh ar thiarna talún na háite cónaithe sin na nithe seo

a leanas a thabhairt, laistigh den tréimhse fhorordaithe, don duine ainmnithe—

(*a*) ráiteas i scríbhinn—

(i) á dhaingniú maidir leis an duine ar ina leith a íocadh an forlíonadh sin nó atá an forlíonadh sin le híoc gur duine é nó í a bhfuil an tiarna talún i dteideal, faoi thionóntacht, cíos a fháil uaidh nó uaithi i leith áit chónaithe an duine sin,

(ii) i dtaobh an bhfuil an tiarna talún ag fáil cíosa ón duine dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus ón duine sin amháin nó ó aon duine eile faoin tionóntacht sin i leith na háite cónaithe sin,

(iii) ina sonrófar tréimhse thionóntacht an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus

(iv) á dhaingniú gur chónaigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus, más cuí, go gcónaíonn sé nó sí fós, san áit chónaithe sin ar feadh na tréimhse ar ina leith a íocadh an forlíonadh sin, nó atá an forlíonadh le híoc,

agus

(*b*) cibé faisnéis eile, i scríbhinn, a bhainfidh le tionóntacht an duine dá dtagraítear i mír (*a*)(i) a cheanglóidh an duine ainmnithe chun teideal ar an bhforlíonadh sin a chinneadh.

(2) I gcás go mbeidh iarraidh le déanamh ag duine ainmnithe chuig tiarna talún faoi fho-alt (1), cuirfear i scríbhinn chuig an tiarna talún í agus díreofar í chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus féadfar í a chur nó a thabhairt—

(*a*) trína seachadadh ar an duine,

(*b*) trína fágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(*c*) trína cur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(3) San alt seo—

ciallaíonn 'tiarna talún' an duine atá i dteideal de thuras na huaire an cíos a fháil is iníoctha faoi thionóntacht i leith áit chónaithe (lena n-áirítear mar ghníomhaire do dhuine eile), is áit chónaithe dá dtagraítear in alt 198(3), ar ina leith a íoctar forlíonadh dá dtagraítear san alt sin;

tá le 'tionóntacht' an bhrí a shanntar dó le halt 198(4D).

(4) Aon tiarna talún a mhainneoidh déanamh de réir iarrata arna déanamh ag duine ainmnithe laistigh den tréimhse fhorordaithe de réir an ailt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.".

(2) Leasaítear alt 250 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Féadfaidh cigire leasa shóisialaigh, chun imscrúdú a dhéanamh agus chun tuairisciú a dhéanamh chuig an Aire i dtaobh aon éilimh ar íocaíocht forlíonaidh dá dtagraítear in alt 198(3) faoi chomhair an mhéid cíosa is iníoctha ag duine i leith a áite cónaithe nó a háite cónaithe, nó i leith íocaíochta den sórt sin, agus i dtaobh aon cheiste a eascróidh maidir le haon íocaíocht den sórt sin nó i ndáil léi, a iarraidh ar thiarna talún na háite cónaithe sin na nithe seo a leanas a thabhairt don chigire leasa shóisialaigh laistigh den tréimhse fhorordaithe—

(*a*) ráiteas i scríbhinn—

(i) á dhaingniú maidir leis an duine ar ina leith a íocadh an forlíonadh sin nó atá an forlíonadh sin le híoc gur duine é nó í a bhfuil an tiarna talún i dteideal, faoi thionóntacht, cíos a fháil uaidh nó uaithi i leith áit chónaithe an duine sin,

(ii) i dtaobh an bhfuil an tiarna talún ag fáil cíosa ón duine dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus ón duine sin amháin nó ó aon duine eile faoin tionóntacht sin i leith na háite cónaithe sin,

(iii) ina sonrófar tréimhse thionóntacht an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus

(iv) á dhaingniú gur chónaigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus, más cuí, go gcónaíonn sé nó sí fós, san áit chónaithe sin ar feadh na tréimhse ar ina leith a íocadh an forlíonadh sin, nó atá an forlíonadh le híoc,

agus

(*b*) cibé faisnéis eile, i scríbhinn, a bhainfidh le tionóntacht an duine dá dtagraítear i mír (*a*)(i) a cheanglóidh an cigire leasa shóisialaigh le réasún chun críocha an imscrúdaithe lena mbaineann.

(2B) I gcás go mbeidh iarraidh le déanamh ag cigire leasa shóisialaigh chuig tiarna talún faoi fho-alt (2A), cuirfear i scríbhinn í chuig an tiarna talún agus díreofar í chuig an duine

lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus féadfar í a chur nó a thabhairt—

(*a*) trína seachadadh ar an duine,

(*b*) trína fágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(*c*) trína cur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(2C) I bhfo-ailt (2A) agus (2B)—

tá le 'tiarna talún' an bhrí a shanntar dó le halt 198C(3); agus

tá le 'tionóntacht' an bhrí a shanntar dó le halt 198(4D).".

Faisnéis a sholáthar chun céannacht a shuíomh.

15.—(1) Leasaítear alt 241 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "go ndéanfaidh sé nó sí éileamh ar an sochar sin ar an modh forordaithe":

"go ndéanfaidh sé nó sí—

(*a*) éileamh ar an sochar sin ar an modh forordaithe, agus

(*b*) a chéannacht nó a céannacht a dheimhniú don Aire.",

agus

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1B) (a leasaíodh le halt 12 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011):

"(1C) Chun céannacht duine a dhéanfaidh éileamh ar shochar a dheimhniú dó nó di féin, féadfaidh an tAire, gan dochar d'aon mhodh eile chun céannacht an duine sin a fhíordheimhniú, a iarraidh ar an duine sin—

(*a*) a bheith i láthair in oifig de chuid an Aire nó i cibé áit eile a ainmneoidh an tAire mar oifig nó áit chuí,

(*b*) cibé faisnéis a thabhairt don Aire, san oifig sin nó san áit ainmnithe eile sin, agus aon doiciméid a thabhairt ar aird don Aire a cheanglóidh an tAire le réasún chun céannacht an duine sin a fhíordheimhniú,

(*c*) a cheadú go ndéanfar grianghraf nó taifead eile d'íomhá den duine, san oifig sin nó san áit ainmnithe eile, i bhfoirm leictreonach, chun go ndéanfaidh an tAire céannacht an duine sin a fhíordheimhniú, tráth ar bith, agus

(*d*) sampla dá shíniú nó dá síniú a sholáthar i bhfoirm leictreonach san oifig sin nó san áit ainmnithe eile sin chun go ndéanfaidh an tAire céannacht an duine sin a fhíordheimhniú, tráth ar bith.

(1D) Coinneoidh an tAire i bhfoirm leictreonach—

(*a*) aon ghrianghraf nó taifead eile d'íomhá de dhuine arna dhéanamh de bhun fho-alt (1C)(*c*), agus

(*b*) aon síniú arna thabhairt de bhun fho-alt (1C)(*d*),

ar cibé modh ar ar féidir an grianghraf, an taifead eile nó an síniú sin a atáirgeadh trí mheán leictreonach.".

(2) Leasaítear alt 262 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí ", faoi réir fho-alt (2A)," a chur isteach i ndiaidh "Féadfaidh an tAire", agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Ní leithroinnfidh ná ní eiseoidh an tAire uimhir phearsanta seirbhíse poiblí chuig duine mura bhfuil an tAire deimhneach maidir le céannacht an duine a bhfuil an uimhir sin le leithroinnt agus le heisiúint chuige nó chuici.".

(3) Leasaítear alt 263 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), (a leasaíodh le halt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010), trí ", faoi réir fho-alt (1C)," a chur isteach i ndiaidh "Féadfaidh an tAire", agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1B) (a cuireadh isteach le halt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010):

"(1C) Ní eiseoidh an tAire cárta seirbhísí poiblí chuig duine mura bhfuil an tAire deimhneach maidir le céannacht an duine a bhfuil an cárta sin le heisiúint chuige nó chuici.".

(4) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 263A (a cuireadh isteach le halt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011):

"Céannacht a fhíordheimhniú.

263B.—(1) Chun céannacht duine ar ina leith atá uimhir phearsanta seirbhíse poiblí le leithroinnt agus le heisiúint faoi alt 262, nó ar ina leith atá cárta seirbhísí poiblí le heisiúint faoi alt 263, a dheimhniú dó nó di féin, féadfaidh an tAire, gan dochar d'aon mhodh eile chun céannacht an duine sin a fhíordheimhniú, a iarraidh ar an duine sin—

(*a*) a bheith i láthair in oifig de chuid an Aire nó i cibé áit eile a ainmneoidh an tAire mar oifig nó áit chuí,

(*b*) cibé faisnéis a thabhairt don Aire, san oifig sin nó san áit ainmnithe eile sin, agus aon doiciméid a thabhairt ar aird don Aire a cheanglóidh an tAire le réasún chun céannacht an duine sin a fhíordheimhniú,

(*c*) a cheadú go ndéanfar grianghraf nó taifead eile d'íomhá den duine sin, san oifig sin nó san áit ainmnithe eile, i bhfoirm leictreonach, chun go ndéanfaidh an tAire céannacht an duine sin a fhíordheimhniú tráth ar bith, agus

(*d*) sampla dá shíniú nó dá síniú a sholáthar i bhfoirm leictreonach san oifig sin nó san áit ainmnithe eile sin chun go ndéanfaidh an tAire céannacht an duine sin a fhíordheimhniú ar thráth ar bith.

(2) Coinneoidh an tAire i bhfoirm leictreonach—

(*a*) aon ghrianghraf nó taifead eile d'íomhá de dhuine arna dhéanamh de bhun fho-alt (1)(*c*), agus

(*b*) aon síniú arna thabhairt de bhun fho-alt (1)(*d*),

ar cibé modh ar ar féidir an grianghraf, an taifead eile nó an síniú sin a atáirgeadh trí mheán leictreonach.".

Teideal chun sochair cuardaitheora poist — leasú.

16.—Leasaítear alt 62 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

"(10) Faoi réir fho-alt (10B), is é an méid is iníoctha mar shochar cuardaitheora poist in aghaidh aon lae dífhostaíochta—

(*a*) 16.67 faoin gcéad den ráta seachtainiúil iomchuí i gcás go bhfuil teideal ag duine chun sochar cuardaitheora poist a fháil in aghaidh 6 lá dífhostaíochta in aon seachtain íocaíochta,

(*b*) 16 faoin gcéad den ráta seachtainiúil iomchuí i gcás nach bhfuil teideal ag duine chun sochar cuardaitheora poist a fháil ach in aghaidh 5 lá dífhostaíochta in aon seachtain íocaíochta,

(*c*) 15 faoin gcéad den ráta seachtainiúil iomchuí i gcás nach bhfuil teideal ag duine chun sochar cuardaitheora poist a fháil ach in aghaidh 4 lá dífhostaíochta in aon seachtain íocaíochta,

(*d*) 13.33 faoin gcéad den ráta seachtainiúil iomchuí i gcás nach bhfuil teideal ag duine chun sochar cuardaitheora poist a fháil ach in aghaidh 3 lá dífhostaíochta in aon seachtain íocaíochta, agus

(*e*) 10 faoin gcéad den ráta seachtainiúil iomchuí i gcás nach bhfuil teideal ag duine chun sochar cuardaitheora poist a fháil ach in aghaidh 2 lá dífhostaíochta in aon seachtain íocaíochta.",

agus

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

"(10A) D'ainneoin fho-alt (1), i gcás nach mbeadh teideal ag duine, seachas duine a bhfuil feidhm ag fo-alt (11) maidir leis nó léi, murach an fo-alt seo, chun sochar cuardaitheora poist a fháil ach in aghaidh aon lae dífhostaíochta amháin in aon seachtain íocaíochta, ní bheidh teideal ag an duine sin chun sochar cuardaitheora poist a fháil i leith an lae dífhostaíochta sin.

(10B) Maidir le méid iomlán an tsochair cuardaitheora poist is iníoctha tráth ar bith de bhua fho-alt (10), déanfar é a shlánú suas go dtí an 10 cent is gaire i gcás gur iolraí de 5 cent é ach nach iolraí de 10 cent freisin é agus déanfar é a shlánú suas go dtí an 10 cent is gaire i gcás nach iolraí de 5 cent ná de 10 cent é.

(10C) Gan dochar d'fho-alt (5)(*d*), i bhfo-ailt (10) agus (10A), ciallaíonn 'seachtain íocaíochta' an tréimhse dar tosach Déardaoin i seachtain amháin agus dar críoch Dé Céadaoin an tseachtain ina dhiaidh sin.".

Cigirí leasa shóisialaigh — leasú.

17.—Leasaítear alt 250 den Phríomh-Acht—

(*a*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (16) (a leasaíodh le halt 13 d'Acht 2011):

"(16A) Chun a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht seo, féadfaidh cigire leasa shóisialaigh freastal in aon chalafort.

(16B) Más rud é, le linn do chigire leasa shóisialaigh a bheith ag freastal in aon chalafort chun a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht seo—

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici lena chreidiúint go bhfuil sárú déanta ar an Acht seo, agus

(*b*) go bhfuil, in éineacht leis nó léi—

(i) comhalta den Gharda Síochána,

(ii) oifigeach Custam agus Máil, nó

(iii) oifigeach inimirce,

féadfaidh an cigire leasa shóisialaigh lena mbaineann, ar dheimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin a thabhairt ar aird—

(i) ceistiú a dhéanamh ar dhuine, agus fiafruithe a dhéanamh de dhuine, is paisinéir ag an gcalafort agus atá ag réiteach le dul ar bord nó atá ag dul ar bord ón Stát, nó atá tar éis teacht i dtír sa Stát, i ndáil le haon ábhar a bhaineann le comhlíonadh an Achta seo, agus

(ii) a iarraidh ar an duine sin aon doiciméid nó faisnéis eile a thabhairt ar aird a cheanglóidh an t-oifigeach sin le réasún chun céannacht, agus más cuí, gnáthchónaí, an duine sin a shuíomh.”,

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (17) (a cuireadh isteach le halt 16 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2009):

“(17) San alt seo—

forléireofar ‘oifigeach inimirce’ de réir alt 3(1) den Acht Inimirce, 2004;

tá le ‘oifigeach Custam agus Máil’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht Custam, 1956;

ciallaíonn ‘paisinéir’ aon duine, seachas comhalta d’fhoireann, atá ag taisteal nó atá ag iarraidh taisteal ar bord loinge nó aerárthaigh;

tá le ‘calafort’ an bhrí a shanntar dó le halt 1(1) den Acht Inimirce, 2004.”.

Ciste Árachais Shóisialaigh.

18.—Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (4)(*a*), trí “faoi réir fho-alt (9)(*f*),” a chur isteach roimh “déanfar suimeanna is iníoctha”, agus

(*b*) i bhfo-alt (9), trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*):

“(*c*) Féadfaidh an tAire, d’fhonn méid leordhóthanach airgid a choimeád i gcuntas reatha an Chiste, ag féachaint do na suimeanna is iníoctha ón gcuntas reatha, a iarraidh ar an Aire Airgeadais airgead a airleacan chun cuntas speisialta an Chiste as an bPríomh-Chiste.

(*d*) Ceadóidh an tAire Airgeadais iarraidh arna déanamh faoi mhír (*c*), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sula ndéanfar aon airgead a airleacan chun cuntas speisialta an Chiste de bhun iarrata faoin mír sin.

(*e*) Chun críocha airgead a dhéanfar a airleacan chun an Chiste de bhun iarrata faoi mhír (*c*), bunófar cuntas (dá ngairtear 'cuntas speisialta an Chiste' san alt seo), agus maidir leis an gcuntas sin—

(i) is in ainm an Aire a bheidh sé, agus

(ii) is cuntas leis an bPámháistir Ginearálta a bheidh ann.

(*f*) Déanfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Aire Airgeadais, cuntas speisialta an Chiste a bhainistiú agus a rialú d'fhonn méid airgid a choimeád i gcuntas reatha an Chiste a bheidh leordhóthanach faoi chomhair na suimeanna is iníoctha ón gcuntas reatha sin.

(*g*) Faoi réir fho-alt (6), aon uair nach leor an t-airgead atá i gcuntas reatha an Chiste faoi chomhair na suimeanna is iníoctha ón gcuntas sin, íocfar isteach sa chuntas reatha sin ó chuntas speisialta an Chiste an t-airgead is gá faoi chomhair na suimeanna sin is iníoctha.".

Buiséadú i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh — leasuithe.

19.—Leasaítear alt 290 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3), sa mhíniú ar "comhlacht sonraithe" trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*ba*) (a cuireadh isteach le halt 33 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007):

"(*bb*) duine dár deonaíodh ceadúnas chun leictreachas a sholáthar de réir alt 14(1) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999,

(*bc*) duine dár deonaíodh ceadúnas chun gás nádúrtha a sholáthar de réir alt 16(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002,".

CUID 3

Leasuithe ar Acht na bPinsean, 1990

Míniú.

20.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" Acht na bPinsean, 1990.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

21.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"tá le 'dáta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh' an bhrí a shanntar dó le halt 42;

tá le 'dáta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin' an bhrí a shanntar dó le halt 42;

"ciallaíonn 'dliteanais caighdeáin maoiniúcháin' i ndáil le scéim iomchuí, ar aon dáta, comhiomlán na ndliteanas agus na gcaiteachas measta dá dtagraítear in alt 44(1), arna

ríomh amhail is dá mbeadh deimhniú maoiniúcháin achtúireach ullmhaithe ag an achtúire arbh é an dáta sin ba dháta éifeachtach dó agus amhail is dá mba 100 faoin gcéad an céatadán dá dtagraítear in alt 44(1)(*a*)(v), ach chun críocha alt 44(2), eisiafar dliteanais sochair a bhaineann le ranníocaí ó scéim eile nó aistriú ceart ó scéim eile, a mhéid a dhéantar na sochair arna soláthar a chinneadh go díreach ar bhonn luach carnaithe na ranníocaí sin nó an mhéid arna aistriú agus a mhéid nach bhfuil feidhmíocht infheistíochta áirithe ráthaithe nó sonraithe i ndáil leis na ranníocaí sin nó leis an méid arna aistriú;

ciallaíonn 'cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin', i ndáil le scéim iomchuí, ar aon dáta, méid arna ríomh de réir alt 44(2) i ndáil leis an scéim an dáta sin;

tá le 'deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin' an bhrí a shanntar dó le halt 42;",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) Déanfar, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, tagairtí san Acht seo d'aon duine do sholáthar faisnéise don Bhord a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don duine sin do sholáthar na faisnéise don Bhord i cibé foirm a cheanglóidh an Bord, lena n-áirítear ar mhodh leictreonach.".

Treoir ó Chumann na nAchtúirí in Éirinn, ón mBord nó ó aon duine eile.

22.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a chur in ionad alt 7A:

"7A.—Fad a bheidh:

(*a*) aon treoir ghairmiúil arna heisiúint ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn;

(*b*) aon treoir arna heisiúint ag an mBord; nó

(*c*) aon treoir arna heisiúint ag aon duine eile;

chun aon chríche den Acht seo sonraithe de thuras na huaire le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, ní athróidh an Cumann, an Bord ná aon duine eile faoi seach aon treoir den sórt sin arna sonrú amhlaidh gan toiliú roimh ré ón Aire.".

Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht.

23.—Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (4), trí "le coigeartú" a chur in ionad "le méadú",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Is é an céatadán a fhorordófar faoi fho-alt (4) maidir le bliain athluachála—

(*a*) maidir le bliain athluachála dar críoch an 31 Nollaig 2012 nó roimhe—

(i) an céatadán arb ionann é agus an méadú ar an leibhéal ginearálta praghsanna do thomhaltóirí i rith na bliana sin arna ríomh ag an Aire ar cibé modh is cuí leis nó léi, nó

(ii) 4 faoin gcéad,

cibé acu is lú, agus

(*b*) maidir le bliain athluachála dar críoch an 1 Eanáir 2013 nó dá éis—

(i) an céatadán arb ionann é agus an méadú nó an laghdú ar an leibhéal ginearálta praghsanna do thomhaltóirí i rith na bliana sin arna ríomh ag an Aire ar cibé modh is cuí leis nó léi, nó

(ii) 4 faoin gcéad,

cibé acu is lú.",

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) Féadfaidh an tAire, le rialacháin—

(*a*) an céatadán a shonraítear i bhfomhír (ii) d'fho-alt (5)(*a*) nó i bhfomhír (ii) d'fho-alt (5)(*b*) a athrú, ach ní bheidh feidhm ag aon athrú den sórt sin i gcás sochair chaomhnaithe a n-eascraíonn an teideal chuige roimh dháta déanta na rialachán lena mbaineann, agus

(*b*) an céatadán a shonraítear i bhfomhír (ii) d'fho-alt (5)(*b*) a mhéadú maidir le haon bhliain athluachála, chun aon chéatadán diúltach a forordaíodh faoi fho-alt (5)(*b*) i mbliain athluachála roimhe sin a chur i gcuntas, go hiomlán nó go páirteach, i leith comhalta a ndearnadh a shochar nó a sochar a choigeartú de réir an chéatadáin dhiúltaigh sin roimhe sin.",

agus

(*d*) i bhfo-alt (7), trí "aon athrú" a chur in ionad "aon mhéadú".

24.—Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "nó aon treorach is infheidhme arna heisiúint ag aon duine eile (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) agus a shonraítear sna rialacháin" a chur in ionad "nó aon treorach is infheidhme arna heisiúint ag aon duine eile (lena n-áirítear an tAire) agus a shonraítear sna rialacháin", agus

(*b*) i mír (*b*) d'fho-alt (3), trí "atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha Chaibidil I de Chuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997" a chur in ionad "atá

ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Chaibidil II de Chuid I den Acht Airgeadais, 1972,".

Leasú ar alt 40 den Phríomh-Acht.

25.—Leasaítear alt 40 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'acmhainní breise', ar aon dáta, acmhainní de bhreis ar na hacmhainní a úsáidtear chun a chinneadh an bhfuil an scéim de réir an chaighdeáin maoiniúcháin, an dáta céanna;",

agus

(*b*) trí na mínithe ar "an dáta éifeachtach", "caighdeán maoiniúcháin" agus "scéim iomchuí" a scriosadh.

Leasú ar alt 41 den Phríomh-Acht.

26.—Leasaítear alt 41(2) den Phríomh-Acht—

(*a*) trí "D'ainneoin fho-alt (1) ach faoi réir mhír (*aa*)—" a chur in ionad "D'ainneoin fho-alt (1)—", agus

(*b*) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) ní bheidh feidhm ag na forálacha den Chuid seo a bhaineann leis an gcúlchiste caighdeáin maoiniúcháin—

(i) maidir le scéim rannóca sainithe is scéim cistí dílse rialaitheacha, ná

(ii) maidir le scéim bheag den chineál dá dtagraítear i mír (*b*) d'fho-alt (1) is scéim cistí dílse rialaitheach,".

Leasú ar alt 42 den Phríomh-Acht.

27.—Leasaítear alt 42 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "san Acht seo" a chur in ionad "sa Chuid seo agus sa Tríú Sceideal",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) An 1 Meitheamh 2012 agus dá éis, déanfaidh iontaobhaithe scéime iomchuí, ó am go ham de réir alt 43, deimhniú, dá ngairtear 'deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin' san Acht seo, a chur faoi bhráid an Bhoird.",

(*c*) i bhfo-alt (2)—

(i) trí "dá ngairtear 'dáta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin san Acht seo' " a chur in ionad "dá ngairtear 'an dáta éifeachtach' sa Chuid seo", agus

(ii) trí "44(1)" a chur in ionad "44" sa dá áit a bhfuil sé,

(*d*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Cuirfidh iontaobhaithe scéime iomchuí faoi deara d'achtúire deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a ullmhú agus deimhneoidh sé nó sí iontu gurb amhlaidh amhail ar an dáta sin, dá ngairtear 'dáta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin' san Acht seo, ar a ríomhfar an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin chun críocha alt 44(2)—

(*a*) go bhfuil an scéim de réir an chúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, nó

(*b*) nach bhfuil an scéim de réir an chúlchiste caighdeáin maoiniúcháin.",

(*e*) i bhfo-alt (4)(*a*), trí "agus deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin" a chur isteach i ndiaidh "deimhniú maoiniúcháin achtúireach",

(*f*) i bhfo-alt (4)(*b*)—

(i) trí "agus deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin" a chur isteach i ndiaidh "deimhniú maoiniúcháin achtúireach", agus

(ii) trí "(lena n-áirítear an Bord nó an tAire)" a chur in ionad "(lena n-áirítear an tAire)",

agus

(*g*) i bhfo-alt (5), trí "(1), (1A), (2) agus (2A)" a chur in ionad "(1) agus (2)".

28.—Leasaítear alt 43 den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht.

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1D):

"(1E) I gcás scéime iomchuí, beidh le deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin an dáta éifeachtach céanna a bheidh leis an deimhniú maoiniúcháin achtúireach i gcomhair na scéime i gcás go mbeidh dáta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh sin ann an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis.",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Faoi réir fho-ailt (2A), (3), (3A), (3B) agus (4), déanfaidh iontaobhaithe na scéime deimhniú maoiniúcháin achtúireach agus, an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh de 9 mí (nó cibé tréimhse eile a fhorordófar) ó dháta éifeachtach an deimhnithe iomchuí.",

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) D'ainneoin na bhforálacha sin roimhe seo den alt seo, féadfaidh an Bord, trí fhógra i scríbhinn chuig iontaobhaithe scéime iomchuí, a cheangal ar na hiontaobhaithe deimhniú maoiniúcháin achtúireach, nó deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, ar dáta éifeachtach maidir leis cibé dáta a shonrófar san fhógra sin, a chur faoi bhráid an Bhoird faoi cibé dáta a shonrófar san fhógra agus comhlíonfaidh na hiontaobhaithe aon fhógra den sórt sin.",

(*d*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Más rud é, maidir le tuarascáil bhliantúil arna hullmhú faoi fho-alt (1) d'alt 55—

(*a*) nach mbeidh inti an ráiteas ó achtúire a cheanglaítear faoi fho-alt (3) nó (4) den alt sin, de réir mar is cuí,

(*b*) go mbeidh inti an ráiteas ó achtúire a cheanglaítear faoin bhfo-alt sin (3) ach nach bhfuil ráite ag an achtúire sa ráiteas sin gur deimhin leis nó léi go réasúnach, dá ndéanfadh sé nó sí deimhniú maoiniúcháin achtúireach agus, an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a ullmhú faoi alt 42 arb é an lá deireanach den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil a dháta éifeachtach, go ndeimhneodh sé nó sí, i gcás deimhniú maoiniúcháin achtúireach, go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin nó, i gcás deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, nó

(*c*) go mbeidh inti an ráiteas ó achtúire a cheanglaítear faoin bhfo-alt sin (4) ach nach bhfuil ráite ag an achtúire sa ráiteas sin gur deimhin leis nó léi go réasúnach, i gcás deimhniú maoiniúcháin achtúirigh go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, agus, i gcás deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile, nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi alt 49(3B),

ansin, faoi réir fho-alt (3A), i ngach cás, déanfaidh iontaobhaithe na scéime deimhniú maoiniúcháin achtúirigh agus, an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh de 12 mhí ón lá deiridh den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil agus beidh leis an deimhniú sin nó na deimhnithe sin dáta éifeachtach nach déanaí ná an lá deiridh den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil,",

agus

(*e*) i bhfo-alt (4), trí "Féadfaidh an Bord, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige ag iontaobhaithe scéime, an teorainn ama a fhadú ar laistigh di a dhéanfar deimhniú maoiniúcháin achtúireach nó deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird faoi fho-alt (2), (2A), (3) nó (3B)," a chur in ionad "Féadfaidh an Bord, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige ag iontaobhaithe scéime, an teorainn ama a fhadú a ndéanfar deimhniú maoiniúcháin achtúireach a chur faoi bhráid an Bhoird faoi fho-alt (2), (3) nó (3B),".

Forálacha a bhaineann le caighdeán maoiniúcháin agus le cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin.

29.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 44:

"44.—(1) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, measfar an caighdeán maoiniúcháin a bheith comhlíonta ag scéim iomchuí más rud é, i dtuairim an achtúire, go mbeadh acmhainní na scéime, i gcás go ndéanfaí an scéim a fhoirceannadh ar dháta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh, leordhóthanach ar an dáta sin—

(*a*) faoi chomhair dhliteanais na scéime arb éard iad—

(i) sochair bhreise arna n-urrú nó arna ndeonú ar mhodh ranníocaí saorálacha breise nó aistriú ceart ó scéim eile lena mbaineann mír 2 den Tríú Sceideal a mhéid a rinneadh na cearta lena mbaineann an t-aistriú a urrú nó a dheonú i dtosach ar mhodh ranníocaí saorálacha breise,

(ii) sochair atá i gcúrsa a n-íoctha lena mbaineann mír 1 den Tríú Sceideal,

(iii) sochair, seachas iad sin dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) agus (ii), arb éard iad aistriú ceart ó scéim eile lena mbaineann mír 2 den Tríú Sceideal,

(iv) sochair, seachas iad sin dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii), lena mbaineann mír 3 agus 4 den Tríú Sceideal, agus

(v) an céatadán (dá ngairtear an 'céatadán sonraithe' sa Chuid seo) d'aon sochair, seachas iad sin dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) lena mbaineann mír 5 den Tríú Sceideal,

agus

(*b*) faoi chomhair na gcaiteachas measta a bhaineann le foirceannadh na scéime a riar.

(2) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, measfar an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a bheith comhlíonta ag scéim más rud é, i dtuairim an achtúire, go bhfuil acmhainní breise na scéime ar dháta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin comhionann ar a laghad le comhiomlán—

(*a*) méid atá comhionann le A x (B – C) sa chás—

gurb é A 15 faoin gcéad (nó cibé céatadán níos mó, nach mó ná 50 faoin gcéad, nó cibé céatadán níos lú, nach lú ná nialas faoin gcéad mar a fhorordóidh an tAire),

gurb é B méid dhliteanais caighdeáin maoiniúcháin na scéime ar dháta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, agus

gurb é C, faoi réir uasmhéid de mhéid atá comhionann leis na dliteanais caighdeáin maoiniúcháin, méid acmhainní na scéime a infheistíodh sna sócmhainní seo a leanas—

(i) urrúis arna n-eisiúint faoi alt 54(1) den Acht Airgeadais, 1970 agus dá ngairtear bannaí,

(ii) urrúis, arna n-eisiúint faoi dhlíthe Ballstáit (seachas an Stát), a fhreagraíonn d'urrúis dá dtagraítear i bhfomhír (i),

(iii) taiscí airgid le foras creidmheasa amháin nó níos mó,

(iv) cibé sócmhainní eile a fhorordóidh an tAire atá de chineál lena dtugtar méid urrúis de shamhail an mhéid a thugtar leis na sócmhainní sin dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i), (ii) nó (iii),

agus

(*b*) an méid ar dá réir a mhéadódh dliteanais caighdeáin maoiniúcháin na scéime ar dháta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin dá mba rud é gur lú d'aon leath d'aon faoin gcéad (nó cibé céatadán is airde ná sin, nach mó ná 5 faoin gcéad, nó is ísle, nach lú ná nialas faoin gcéad, a fhorordóidh an tAire) an ráta úis nó na rátaí úis a thoimhdeofar chun na dliteanais caighdeáin maoiniúcháin a chinneadh ná an ráta úis nó na rátaí úis (de réir mar is cuí) a thoimhdeofar chun na dliteanais caighdeáin maoiniúcháin a chinneadh don deimhniú maoiniúcháin achtúireach a bhfuil aige an dáta éifeachtach céanna leis an deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin lúide an méid ar dá réir a mhéadódh acmhainní na scéime an dáta céanna de bharr an athraithe chéanna ar ráta úis nó rátaí úis.

(*c*) Chun críocha mhíreanna (*a*) agus (*b*), ní áireofar ar acmhainní acmhainní a bhaineann le ranníocaí ó scéim eile nó aistriú ceart ó scéim eile, a mhéid a dhéantar na sochair arna soláthar a chinneadh go díreach ar bhonn luach carnaithe na ranníocaí sin nó an mhéid arna aistriú agus a mhéid nach bhfuil feidhmíocht infheistíochta áirithe ráthaithe nó sonraithe i ndáil leis na ranníocaí sin nó leis an méid arna aistriú.".

30.—Leasaítear alt 45(2)(*b*)(i) den Phríomh-Acht trí "44(1)" a chur in ionad "44".

Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht.

31.—Leasaítear alt 46 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "Le linn dó deimhniú maoiniúcháin achtúireach nó deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chomhlánú" a chur in ionad "Le linn dó deimhniú maoiniúcháin achtúireach a chomhlánú",

(*b*) i bhfo-alt (1)(*b*), trí—

(i) "44(1)(*a*)" a chur in ionad "44(*a*)", agus

(ii) "44(1)(*a*)(v)" a chur in ionad "44(*a*)(v)";

agus

(*c*) i bhfo-alt (1)(*c*), trí "Cumann na nAchtúirí in Éirinn nó aon duine eile (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) i ndáil le deimhnithe maoiniúcháin achtúireacha nó deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a ullmhú" a chur in ionad "Cumann na nAchtúirí in Éirinn i ndáil le deimhnithe maoiniúcháin achtúireacha a ullmhú".

32.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 47:

Teorainneacha le ríomh acmhainní scéimeanna iomchuí.

"47.—(1) Maidir le haon ríomhaireacht a dhéanfar chun críocha na Coda seo, déanfar acmhainní nó infheistíochtaí laistigh d'aicme nó de chineál forordaithe nó de bhreis ar chéatadán forordaithe a eisiamh ó acmhainní scéime iomchuí ar aon dáta lena mbainfidh ríomhaireacht den sórt sin.

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh á cheangal ar iontaobhaithe scéime iomchuí déanamh de réir aon treorach is infheidhme arna heisiúint ag aon duine (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) agus arna sonrú sna rialacháin i ndáil le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cibé acu a áireofar nó nach n-áireofar acmhainní nó infheistíochtaí chun críocha aon ríomhaireachta a dhéanfar chun críocha na Coda seo.".

33.—Leasaítear alt 48 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "fo-alt (1)(*b*) nó (1A) a urscaoileadh i leith na sochar a shonraítear sna fo-ailt sin" a chur in ionad "fo-alt (1)(*b*) a urscaoileadh i leith na sochar a shonraítear san fho-alt sin",

(*b*) i bhfo-alt (3)(*b*)(ii), trí "i bhfoirm atá deimhnithe ag an mBord" a chur in ionad "atá deimhnithe ag an mBord",

(*c*) i bhfo-alt (3A)—

(i) trí "d'fho-alt (1)(*b*) agus de mhíreanna (*a*), (*b*), (*c*) agus (*d*) d'fho-alt (1A)" a chur in ionad "d'fho-alt (1)(*b*)", agus

(ii) "deimhnithe maoiniúcháin achtúireacha nó deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin" a chur in ionad "deimhnithe maoiniúcháin achtúireacha", agus

(*d*) i bhfo-alt (3B)—

(i) trí "i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) d'fho-alt (1)(*b*) agus i míreanna (*a*), (*b*), (*c*) agus (*d*) d'fho-alt (1A)" a chur in ionad "i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) d'fho-alt (1)(*b*)", agus

(ii) trí "i bhfomhír (ii) d'fho-alt (1)(*b*) agus i mír (*b*) d'fho-alt (1A)" a chur in ionad "i bhfomhír (ii) d'fho-alt (1)(*b*)".

Leasú ar alt 49 den Phríomh-Acht.

34.—Leasaítear alt 49 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Más rud é, de réir fhorálacha alt 43, go ndéanfaidh iontaobhaithe scéime (seachas scéim cistí dílse rialaitheacha)—

(*a*) deimhniú maoiniúcháin achtúireach a chur faoi bhráid an Bhoird lena ndeimhnítear nach gcomhlíonann an scéim, ar dháta éifeachtach an deimhnithe, an caighdeán maoiniúcháin, nó

(*b*) an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird lena ndeimhnítear nach gcomhlíonann an scéim, ar dháta éifeachtach an deimhnithe, an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin,

déanfaidh siad, faoi réir rialachán faoi fho-alt (2A), togra (dá ngairtear 'togra maoiniúcháin' sa Chuid seo) a chur faoi bhráid an Bhoird de réir fhorálacha an ailt seo.",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Maidir le togra maoiniúcháin—

(*a*) beidh togra ann atá ceaptha chun a chinntiú go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, i dtuairim an achtúire—

(i) go gcomhlíonfadh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) i gcás go gcuirfear an togra maoiniúcháin isteach roimh an 1 Eanáir 2016 agus gur roimh an dáta sin a bheidh dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B), agus

(ii) in aon chás eile, go gcomhlíonfadh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta

éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) agus an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile nó aon dáta is déanaí ná sin a shonraítear faoi fho-alt (3B),

agus

(*b*) beidh sé de réir rialachán arna ndéanamh faoi fho-alt (2A),

(*c*) beidh sé deimhnithe ag an achtúire mar thogra atá de réir cheanglais mhír (*a*),

(*d*) beidh sé sínithe ag an bhfostóir nó thar ceann an fhostóra agus ag iontaobhaithe na scéime nó thar a gceann, i ngach cás mar chomhartha go gcomhaontaíonn sé nó sí nó siad leis an togra, agus

(*e*) cuirfidh iontaobhaithe na scéime faoi bhráid an Bhoird é i dteannta an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh nó an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin lena mbaineann sé.”,

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2A):

“(2A) Féadfar le rialacháin faoin alt seo—

(*a*) a cheangal ar an achtúire, le linn dó nó di togra maoiniúcháin faoi fho-alt (2) nó mainneachtain na scéime an caighdeán maoiniúcháin a chomhlíonadh de réir fho-alt (3) a dheimhniú, aon treoir ghairmiúil infheidhme arna heisiúint ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn agus arna sonrú sna rialacháin nó aon treoir infheidhme eile arna heisiúint ag aon duine eile (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) agus arna sonrú sna rialacháin a chomhlíonadh,

(*b*) a cheangal ar na hiontaobhaithe aon treoir infheidhme a chomhlíonadh is treoir infheidhme arna heisiúint ag aon duine (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) agus arna sonrú sna rialacháin, lena leagtar amach—

(i) na ceanglais a ndéanfaidh togra maoiniúcháin iad a chomhlíonadh, agus

(ii) na téarmaí ar orthu, agus na himthosca ar iontu, a cheanglaítear ar na hiontaobhaithe mainneachtain ag aon duine téarma de chuid togra maoiniúcháin a chomhlíonadh a chur in iúl don Bhord,

(*c*) na téarmaí agus na himthosca a fhorordú—

(i) is téarmaí ar a bhféadfaidh agus is imthosca ina bhféadfaidh an Bord dáta is déanaí ná dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile a shonrú de réir fho-alt (3B),

(ii) is téarmaí nach gceanglaítear ar na hiontaobhaithe togra maoiniúcháin a chur isteach orthu faoi fho-alt (1) agus is imthosca nach gceanglaítear ar na hiontaobhaithe togra maoiniúcháin a chur isteach iontu faoi fho-alt (1), agus

(iii) is téarmaí ar a bhféadfaidh agus is imthosca ina bhféadfaidh an Bord, trí fhógra i scríbhinn chuig na hiontaobhaithe, a dhearbhú nach togra maoiniúcháin bailí chun críocha an ailt seo a thuilleadh togra maoiniúcháin, i gcás gur mainníodh téarma de chuid an togra maoiniúcháin a chomhlíonadh nó go n-iarrann iontaobhaithe na scéime amhlaidh,

agus

(*d*) treoir a fhorordú arna heisiúint ag aon duine (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) maidir leis na nithe a shonraítear i bhfomhíreanna (i) go (iii) de mhír (*c*).",

(*d*) i bhfo-alt (3)—

(i) trí "Roimh an 1 Meitheamh 2012, faoi réir rialachán faoin alt seo" a chur in ionad "Faoi réir Rialachán faoin alt seo", agus

(ii) trí "(2)(*a*)(i)" a chur in ionad "(2)(*a*)",

(*e*) i bhfo-alt (3A), trí "(*b*), (*c*), (*d*) nó (*e*)" a chur in ionad "(*b*), (*c*) nó (*d*)",

(*f*) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):

"(3B) An 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, féadfaidh an Bord, ar iarratas chuige sin arna dhéanamh chuige ag iontaobhaithe scéime (seachas scéim cistí dílse rialaitheacha) i ndáil leis an scéim, ar na téarmaí agus sna himthosca a bheidh forordaithe nó leagtha amach i dtreoir arna forordú le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2A)—

(*a*) chun críocha fho-alt (2)(*a*)(i), dáta is déanaí ná dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile a shonrú,

(*b*) chun críocha fho-alt (2)(*a*)(ii), dáta is déanaí ná dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile a shonrú.",

agus

(*g*) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh "1997":

"nó, más é tuairim an Bhoird nach ann d'aon phríomhfhostóir den sórt sin nó nach féidir an príomhfhostóir sin a aithint, cibé fostóir nó fostóirí eile a bheidh páirteach sa scéim a dhéanfaidh an Bord, dá lánrogha féin, ar iarratas chuige ó iontaobhaithe na scéime, a shonrú agus a chur in iúl i scríbhinn do na hiontaobhaithe".

35.—Leasaítear alt 50 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Féadfaidh an Bord, trí fhógra i scríbhinn, tar éis iarratais ó na hiontaobhaithe nó ar shlí eile, a ordú d'iontaobhaithe scéime iomchuí (seachas scéim cistí dílse rialaitheacha) cibé bearta a dhéanamh a shonróidh an Bord san fhógra nó, mura mbeidh aon bhearta sonraithe san fhógra, cibé bearta is gá a dhéanamh i leith comhaltaí den scéim a bheidh an tráth sin i bhfostaíocht iomchuí, agus nach mbeidh gnáthaois inphinsin slánaithe acu, agus comhaltaí ar tháinig deireadh lena seirbhís i bhfostaíocht iomchuí, agus nach mbeidh gnáthaois inphinsin slánaithe acu, agus a bhfuil teideal acu chun sochair chaomhnaithe nó chun aon sochair eile faoin scéim, nár tosaíodh ar é a íoc, na sochair a bheadh iníoctha leis na comhaltaí sin nó ina leith as an scéim a laghdú i gcás—

(*a*) go mainníonn iontaobhaithe na scéime deimhniú maoiniúcháin achtúireach a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh den tréimhse a shonraítear in alt 43,

(*b*) go ndeimhnítear sa deimhniú maoiniúcháin achtúireach nach gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin agus nach bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49,

(*c*) go ndeimhnítear sa deimhniú maoiniúcháin achtúireach nach gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin agus go bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49,

(*d*) go dtoilíonn an Bord le scéim a leasú de réir alt 50A (a cuireadh isteach le halt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009),

(*e*) go mainníonn iontaobhaithe na scéime deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh den tréimhse a shonraítear in alt 43,

(*f*) go ndeimhnítear sa deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin nach gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin

agus nach bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49, nó

(*g*) go ndeimhnítear sa deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin nach gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin agus go bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49.”,

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

“(1A) Féadfaidh an Bord, le fógra i scríbhinn, tar éis iarratais ó na hiontaobhaithe nó ar shlí eile, a ordú d’iontaobhaithe scéime (seachas scéim cistí dílse rialaitheacha) cibé bearta a dhéanamh a shonróidh an Bord san fhógra nó, mura mbeidh aon bhearta sonraithe san fhógra, cibé bearta is gá chun laghdú a dhéanamh ar mhéaduithe sa todhchaí ar shochair is iníoctha as an scéim le daoine a fhaigheann sochair faoin scéim nó daoine ag a bhfuil gnáthaois inphinsin slánaithe nó ina leith, i gcás—

(*a*) go mainníonn iontaobhaithe na scéime deimhniú maoiniúcháin achtúireach a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh den tréimhse a shonraítear in alt 43,

(*b*) go ndeimhnítear sa deimhniú maoiniúcháin achtúireach nach gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin agus nach bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49,

(*c*) go ndeimhnítear sa deimhniú maoiniúcháin achtúireach nach gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin agus go bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49,

(*d*) go dtoilíonn an Bord le scéim a leasú de réir alt 50A (a cuireadh isteach le halt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009),

(*e*) go mainníonn iontaobhaithe na scéime deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh den tréimhse a shonraítear in alt 43,

(*f*) go ndeimhnítear sa deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin nach gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin agus nach bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49, nó

(*g*) go ndeimhnítear sa deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin nach gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin agus go bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49.”,

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) I ndáil le hordachán arna dhéanamh faoi fho-alt (1) nó (1A)—

(*a*) ní bheidh feidhm ag mír 2(2) den Dara Sceideal ná ag mír 4(*b*)(i)(I) den Tríú Sceideal a mhéid amháin go mbeidh siad ar neamhréir leis an laghdú ar shochair de bhun ordacháin den sórt sin, agus

(*b*) áireofar ar na sochair a d'fhéadfaí a laghdú tar éis ordacháin den sórt sin—

(i) sochar caomhnaithe i gcás go bhfuil teideal chun sochair chaomhnaithe tagtha chun cinn, agus

(ii) aon athluacháil ar shochar caomhnaithe faoi alt 33 i gcás go mbaineann athluacháil den sórt sin le bliain athluachála a chríochnóidh,

roimh an dáta ar le héifeacht uaidh a gcuirfear bearta ar bun de bhun an ordacháin.",

(*d*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2A):

"(2A) Maidir le laghdú ar shochair a dhéanfar de bhun ordaithe faoi fho-alt (1) nó (1A)—

(*a*) is laghdú a bheidh ann, i dtuairim an achtúire lena mbaineann, a chinnteoidh, díreach tar éis an laghdaithe, go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin agus, an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, nó

(*b*) i gcás scéime dá dtagraítear i mír (*c*) nó (*g*) d'fho-alt (1) nó i mír (*c*) nó (*g*) d'fho-alt (1A), is laghdú a bheidh ann, i dtuairim an achtúire lena mbaineann, a chinnteoidh go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis—

(i) go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, i gcás go gcuirfear an togra maoiniúcháin isteach roimh 1 Eanáir 2016 agus go bhfuil dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile, nó aon dáta is déanaí a shonraítear faoin bhfo-alt sin (3) nó (3B), roimh an dáta sin, agus

(ii) in aon chás eile, go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí a shonraítear faoi fho-alt (3) nó

(3B) d'alt 49 agus go gcomhlíonfaidh sí an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile nó aon dáta is déanaí a shonraítear faoin bhfo-alt sin (3B).",

(*e*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás go dtabharfadh an Bord ordachán faoi fho-alt (1) nó (1A), déanfaidh iontaobhaithe na scéime—

(*a*) (i) laistigh d'aon mhí amháin ó dháta an fhógra, cibé bearta a chur ar bun a shonrófar san fhógra nó, mura sonrófar aon bhearta, cibé bearta is gá chun na sochair faoin scéim a laghdú, i leith gach duine nó aon duine—

(I) de chomhaltaí na scéime a bhí an uair sin i bhfostaíocht iomchuí agus nach raibh gnáthaois inphinsin slánaithe acu,

(II) de na comhaltaí a bhfuil deireadh tagtha lena seirbhís i bhfostaíocht iomchuí agus nach bhfuil gnáthaois inphinsin slánaithe acu agus a bhfuil teideal acu chun sochair chaomhnaithe nó aon sochair eile faoin scéim, agus

(III) de na daoine atá ag fáil sochar faoin scéim nó a bhfuil gnáthaois inphinsin slánaithe acu,

a bheadh iníoctha leo nó ina leith ón scéim ach, i leith daoine a shonraítear i gclásal (III), nach mbeadh iníoctha leo ach na sochair sin dá dtagraítear i bhfo-alt (1A), agus

(ii) laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta an fhógra, nó cibé tréimhse is faide a mheasfaidh an Bord a bheith cuí, an laghdú ar shochair a chur in iúl do chomhaltaí na scéime agus do dhaoine eile atá ag fáil sochar faoin scéim nó a bhfuil gnáthaois inphinsin slánaithe acu,

(*b*) laistigh de thréimhse 3 mhí ó dháta an fhógra, na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhoird—

(i) daingniú go bhfuil na hiontaobhaithe tar éis déanamh de réir mhír (*a*),

(ii) cóipeanna de na fógraí arna n-eisiúint chuig comhaltaí na scéime agus chuig daoine eile faoi fhomhír (ii) de mhír (*a*), agus

(iii) (I) deimhniú maoiniúcháin achtúireach agus, an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin á dheimhniú go gcomhlíonann an scéim, an dáta éifeachtach, arb é dáta éifeachtach an laghdaithe ar shochair, an caighdeán maoiniúcháin agus, an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, nó

(II) i gcás scéime a bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ina leith de bhun alt 49 agus feidhm ag mír (*c*) nó (*g*) d'fho-alt (1) nó mír (*c*) nó (*g*) d'fho-alt (1A), ráiteas ó achtúire i cibé foirm a fhorordófar gur deimhin leis nó léi go réasúnach gurb amhlaidh ar dháta éifeachtach an laghdaithe ar shochair—

(A) go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, i gcás go mbeidh an togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird roimh an 1 Eanáir 2016 agus go bhfuil dáta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó aon dáta is déanaí a shonraítear faoin bhfo-alt sin (3) nó (3B) roimh an dáta sin, nó

(B) in aon chás eile, go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí a shonraítear faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, agus go gcomhlíonfaidh sí an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí a shonraítear faoin bhfo-alt sin (3B).",

agus

(*f*) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena gceanglófar ar iontaobhaithe scéime iomchuí aon treoir is

infheidhme arna heisiúint ag aon duine (lena n-áirítear an Bord nó an tAire) agus a shonrófar sna rialacháin ina leagfar amach—

(*a*) an fhoirm trína bhféadfaidh iontaobhaithe scéime iomchuí iarratas a dhéanamh chun an Bhoird ar ordachán faoin alt seo, agus

(*b*) na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag na hiontaobhaithe i ndáil le haon iarratas den sórt sin, lena n-áirítear ceanglas go dtabharfaidh na hiontaobhaithe fógra do chomhaltaí na scéime nó do dhaoine eile a fhaigheann sochair faoin scéim i dtaobh aon togra chun iarratas a dhéanamh ar ordachán faoin alt seo agus go dtabharfar deis do na comhaltaí sin agus do dhaoine eile uiríll a dhéanamh chun na n-iontaobhaithe i ndáil leis an togra sula ndéanfar an t-iarratas ar ordachán.”.

Leasú ar alt 51A den Phríomh-Acht.

36.—Leasaítear alt 51A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (5)(*b*) trí “nó deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin” a chur isteach i ndiaidh “deimhnithe maoiniúcháin achtúireacha”.

Leasú ar alt 53E den Phríomh-Acht.

37.—Leasaítear alt 53E den Phríomh-Acht tríd an míniú ar “dliteanais caighdeáin maoiniúcháin” a scriosadh.

Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht.

38.—Leasaítear alt 55 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás go bhfuil deimhniú maoiniúcháin achtúireach ar tar éis 1 Eanáir 2001 a dháta éifeachtach agus, an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, arna n-ullmhú faoi alt 42 i ndáil le scéim, beidh i ngach tuarascáil bhliantúil arna hullmhú faoi fho-alt (1) agus a bhaineann le tréimhse dar críoch lá is lá tar éis dháta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh nó an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, mura mbeidh feidhm ag fo-alt (4) maidir léi, ráiteas ó achtúire, i cibé foirm a fhorordófar, i dtaobh an deimhin leis nó léi go réasúnach, dá ndéanfadh sé nó sí deimhniú maoiniúcháin achtúireach agus, an 1 Meitheamh 2012 nó dá éis, deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a ullmhú faoi alt 42 arb é an lá deireanach den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil a ndáta éifeachtach, go ndeimhneodh sé nó sí—

(*a*) i gcás an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh, go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(1), agus

(*b*) i gcás an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(2).”,

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Más rud é, sa deimhniú maoiniúcháin achtúireach is déanaí nó sa deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin is déanaí arna n-ullmhú faoi alt 42 i ndáil le scéim, go ndeimhneoidh an t-achtúire, i gcás deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh, ar dháta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh nach gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin, nó, i gcás deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, ar dháta éifeachtach an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, nach gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin agus go bhfuil togra maoiniúcháin curtha faoi bhráid an Bhoird ag iontaobhaithe na scéime de réir alt 49, beidh i ngach tuarascáil bhliantúil, arna hullmhú faoi fho-alt (1) agus a bhaineann le tréimhse dar críoch lá a bheidh tar éis dháta éifeachtach an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh nó an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, ráiteas ó achtúire i cibé foirm a fhorordófar i dtaobh an deimhin leis nó léi go réasúnach, an lá deiridh den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil—

(*a*) i gcás an deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh, go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí ná sin a shonrófar faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, nó

(*b*) i gcás an deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonfaidh an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile nó, más infheidhme, aon dáta is déanaí ná sin a shonrófar faoi alt 49(3B).",

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Más rud é, maidir le tuarascáil bhliantúil arna hullmhú faoi fho-alt (1)—

(*a*) nach bhfuil inti na ráitis ó achtúire mar a cheanglaítear faoi fho-alt (3) nó (4), de réir mar is cuí, nó

(*b*) go bhfuil inti na ráitis ó achtúire a cheanglaítear faoi fho-alt (3)(*a*) agus (*b*) ach nach bhfuil ráite ag an achtúire sna ráitis sin gur deimhin leis nó léi go réasúnach, dá ndéanfadh sé nó sí deimhniú maoiniúcháin achtúireach agus deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin a ullmhú faoi alt 42 arb é an lá deireanach den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil a ndáta éifeachtach, go ndeimhneodh sé nó sí, i gcás deimhniú maoiniúcháin achtúireach, go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(1), nó, i gcás deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(2), nó

(*c*) go bhfuil inti na ráitis ó achtúire a cheanglaítear faoi fho-alt (4)(*a*) agus (*b*) ach nach ndearbhaíonn an t-achtúire sa tuarascáil gur deimhin leis nó léi go réasúnach, an lá deireanach den tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil, i gcás deimhniú maoiniúcháin achtúirigh, go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoiniúcháin ar dháta éifeachtach an chéad deimhnithe maoiniúcháin achtúirigh eile nó, más infheidhme, ar aon dáta is déanaí ná sin a shonrófar faoi fho-alt (3) nó (3B) d'alt 49, nó, i gcás deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin, go gcomhlíonfaidh an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin faoi dháta éifeachtach an chéad deimhnithe cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin eile nó, más infheidhme, faoi aon dáta is déanaí ná sin a shonrófar faoi alt 49(3B),

ansin, i ngach cás, tabharfaidh iontaobhaithe na scéime fógra i scríbhinn á rá sin don Bhord laistigh de cibé teorainn ama a fhorordófar.",

agus

(*d*) i bhfo-alt (6)—

(i) trí "na ráitis" a chur in ionad "an ráiteas", agus

(ii) trí "(lena n-áirítear an tAire nó an Bord)" a chur isteach i ndiaidh "aon duine eile".

Toiliú na n-iontaobhaithe maidir le luathscor.

39.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 59G:

"59G.—I gcás scéim shochair shainithe a bhfuil ar áireamh ina rialacha riail maidir le luathscor, d'ainneoin théarmaí na rialach sin—

(*a*) má chuireann an t-achtúire in iúl do na hiontaobhaithe gur deimhin leis nó léi go réasúnach, dá n-ullmhódh an t-achtúire deimhniú maoiniúcháin achtúireach faoi alt 42 lena mbeadh dáta éifeachtach arb é an lá é a bhfuiltear ag súil go dtosóidh sochar scoir láithreach aon chomhalta de bhua na rialach luathscoir sin, nach ndeimhneodh an t-achtúire go gcomhlíonann an scéim an caighdeán maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(1), nó

(*b*) an 1 Eanáir 2016 nó dá éis, má chuireann an t-achtúire in iúl do na hiontaobhaithe gur deimhin leis nó léi go réasúnach, dá n-ullmhódh an t-achtúire deimhniú cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin faoi alt 42 lena mbeadh dáta éifeachtach arb é an lá é a bhfuiltear ag súil go dtosóidh sochar scoir láithreach aon chomhalta de bhua na rialach luathscoir sin, nach ndeimhneodh an t-achtúire go gcomhlíonann an scéim an cúlchiste caighdeáin maoiniúcháin dá bhforáiltear in alt 44(2),

beidh ceart an chomhalta chun an tsochair scoir láithrigh de bhua na rialach luathscoir sin faoi réir thoiliú iontaobhaithe na scéime.”.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

40.—Leasaítear alt 5 de Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfar aon sochar caomhnaithe, lena n-áirítear aon athluacháil roimhe sin, is iníoctha faoi scéim sochair shainithe a athluacháil gach bliain i ndeireadh gach bliana athluachála, trí mhéid an tsochair chaomhnaithe—

(*a*) amhail ar an lá deiridh den bhliain féilire roimhe sin,

(*b*) amhail ar dháta foirceanta na fostaíochta iomchuí in aon chás ina mbeidh fostaíocht iomchuí comhalta foirceanta tar éis an lae deiridh den bhliain féilire roimhe sin, nó

(*c*) in aon chás inar laghdaíodh méid an tsochair chaomhnaithe de bhun ordacháin faoi fho-alt (1) d’alt 50 tar éis an lae deiridh den bhliain féilire roimhe sin nó tar éis fhoirceannadh na fostaíochta iomchuí (de réir mar is cuí), amhail ar an dáta ar a ndearnadh an laghdú sin,

a choigeartú de réir an mhéid chuí.”,

agus

(*b*) i bhfomhír (2) tríd an méid seo a leanas—

“gurb é P méid an tsochair chaomhnaithe—

(*a*) amhail ar an lá deiridh den bhliain féilire roimhe sin,

(*b*) amhail ar dháta foirceanta na fostaíochta iomchuí in aon chás ina mbeidh fostaíocht iomchuí comhalta foirceanta tar éis an lae deiridh den bhliain féilire roimhe sin, nó

(*c*) in aon chás inar laghdaíodh méid an tsochair chaomhnaithe de bhun ordacháin faoi fho-alt (1) d’alt 50 tar éis an lae deiridh den bhliain féilire roimhe sin nó tar éis fhoirceannadh na fostaíochta iomchuí (de réir mar is cuí), amhail ar an dáta ar a ndearnadh an laghdú sin, agus”

a chur in ionad—

"gurb é P méid an tsochair chaomhnaithe amhail ar an lá deiridh den bhliain féilire roimhe sin (nó amhail ar dháta foirceanta na fostaíochta iomchuí in aon chás ina mbeidh fostaíocht iomchuí comhalta tar éis foirceannadh tar éis an lae deiridh den bhliain féilire roimhe sin), agus".